- go gcomhlíonann an Roinn gach treoirlíne maidir le soláthar agus go bhfuil sí ag comhlíonadh gach ciorcláin i dtaca le húsáid éigeantach creat-chomhaontuithe agus conarthaí.

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2015

Ráiteas an Oifigigh Cuntasafochta ar Rialú Inmheánach

Airgeadais (ar lean)

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiníúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Feidhmeanna Aire a Aistriú

Aistríodh na feidhmeanna Comhshaoil, freagracht as an gCiste Comhshaoil san áireamh, ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go dtí an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ar an 22 Iúil 2016 faoi I.R. Uimh. 393 de 2016 (an tOrdú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2016). Tugadh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil mar ainm nua ar an Roinn ar an 23 Iúil 2016 faoi I.R. Uimh. 421 de 2016.

Arna Shíniú

Mark Griffin
An tArd-Rúnaí

Dáta

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2015

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001 le héifeacht ón 7 Iúil 2001. Íoctar na fáiltais ó Thobhaigh Chomhshaoil i leith málaí plaisteacha, arna mbailiú ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus i leith líonadh talún, arna mbailiú ag údaráis áitiúla, isteach sa Chiste.

Dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta atá sa Chiste Comhshaoil. Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste a bhainistiú in 2015 agus rinneadh na costais riaracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 34, Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

Ullmhaíodh an cuntas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 i bhfoirm agus ar mhodh atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ullmhaíodh an cuntas ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

2. Beartas Maoinithe

Déantar an Ciste a mhaoiniú trí fháiltais arna lóisteáil i gcuntas bainc na bhfáltas (cuntas uimhir 1) ag na húdaráis áitiúla agus ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar an t-iarmhéid sa chuntas bainc sin a aistriú chuig an gCuntas Infheistíochta ar bhonn laethúil. Déantar na suimeanna iníochta ón gCiste Comhshaoil a íoc ó chuntas bainc na suimeanna iníochta (cuntas uimhir 2). Déantar na cistí riachtanacha a aistriú go cuntas bainc na suimeanna iníochta ón gcuntas infheistíochta sula ndéantar na híocaíochtaí leis na híocaithe ábhartha.

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2015

Ráiteas ar Bheartais Chuntasáíochta (ar lean)

3. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- Is ionann ioncam ón Tobhach Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha agus an tsuim a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na Rialachán um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2001 (I.R. Uimh. 605/2001) arna leasú leis na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2), 2007 (I.R. Uimh. 167/2007).
- Tá tobhaigh chomhshaoil ar líonadh talún le dramhaíl bunaithe ar an tonnáiste dramhaíola a chuirtear in áiseanna líonta talún poiblí agus príobháideacha ag rátaí arna socrú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá tobhaigh ó áiseanna líonta talún poiblí a fheidhmíonn údaráis áitiúla dlite don Chiste bunaithe ar an méid dramhaíola a chuirtear iontu sa bhliain airgeadais.

Tá tobhaigh ó áiseanna líonta talún príobháideacha dlite don údarás áitiúil ábhartha bunaithe ar an méid dramhaíola a chuirtear iontu. Is é an méid atá dlite don Chiste an méid a bhailíonn an t-údarás áitiúil maidir leis an mbliain airgeadais.

Gearrtar ús ar íocaíochtaí malla ag 0.0322% sa lá faoi Alt 13(e) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Tá mainneachtain agus íocaíochtaí malla ag oibrítheoirí príobháideacha faoi réir úis agus in-aisghabhála mar fhiach conartha trí na cúirteanna ag údaráis áitiúla.

Is féidir le húdaráis áitiúla suas le 2% (uasmhéid de €50,000 in aghaidh na bliana) a bhaint agus a choinneáil as tobhaigh atá iniúchta maidir le háiseanna líonta talún a oibrítear go príobháideach, agus suas le 80% as tobhaigh atá iniúchta maidir le háiseanna líonta talún neamhúdaráithe, chun freastal ar na costais a thabhaíonn siad féin chun tobhaigh a fhorfheidhmiú agus a bhailiú.

- Aithnítear fáltais ó infheistíochtaí ar bhonn fabhráithe.

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2015

Ráiteas ar Bheartais Chuntasáíochta (ar lean)

4. Caiteachas

Aithnítear caiteachas ón gCiste ar bhonn:

- Leithdháiltí caiteachais a d'fhaomh an tAire in 2015 de réir Alt 74(9) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna chur isteach le hAlt 12 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001, agus le hAlt 14 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011), a shainíonn na cuspóirí ar féidir íocaíochtaí a dhéanamh ina leith ón gCiste Comhshaoil.

Aithnítear leithdháiltí an Aire:

- Nuair a éilíonn comhlachtaí faofa, cuir i gcás an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla, leithdháiltí buiséadaithe a bhaineann le Taighde agus Forbairt, riarachán agus ranníocaíochtaí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Nuair a chuireann údaráis áitiúla agus eagraíochtaí eile éilimh isteach a chomhlíonann coinníollacha na scéimeanna faofa.
- Nuair a chuireann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta éilimh dheimhnithe isteach, de réir téarmaí comhaontú seirbhíse, le haghaidh Tionscadail bhuiséadaithe Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha.
- Nuair a fhaightear earraí agus seirbhísí.
- Aisíoctar costais a thabhaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha, mar atá comhaontaithe faoi chomhaontú oibriúcháin agus leibhéil seirbhíse le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

An Ciste Comhshaoil
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig
2015

<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	2015 €	2014 €
An Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola	1	34,339,878	33,717,195
An Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	2	11,727,772	12,714,544
Ús ar Infheistiúcháin	3	23,228	39,476
		46,090,878	46,471,215
<u>Caiteachas</u>			
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – Costais Taighde agus Forbartha agus Riaracháin (Neamhphá)	4	11,900,000	13,980,000
Tionscnaimh Forfheidhmithe	5	11,328,783	6,552,026
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	6	8,731,392	8,151,595
Tionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha	7	4,263,647	5,051,444
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus an Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	8	2,344,338	2,704,265
An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil	9	2,000,000	2,000,000
Feasacht ar an gComhshaoil	10	1,555,323	1,611,412
Costais Oibriúcháin Athchúrsála	11	1,499,460	3,274,799
Tionscnaimh in aghaidh an Bhruscair	12	1,024,511	1,192,397
Pleanáil i gcomhair Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach	13	421,761	-
Costais Bhaillíocháin an Tobhaigh Comhshaoil	14	397,559	399,232
Bainistíocht Dramhaíola lena n-áirítear Tionscadail Athchúrsála	15	300,000	533,199
Rialú Truaillithe Aeir/Aeráide	16	171,312	147,081
Eile	17	353,355	523,213
Sábháilteacht Núicléach		-	100,048
Caiteachas Iomlán	18	46,291,441	46,220,711
(Easnamh)/ Barrachas don Bhliain		(200,563)	250,504

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 24.

Arna Shiniú _____
Mark Griffin
An tArd-Rúnaí

Dáta _____

An Ciste Comhshaoil Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2015

	<u>Nótaí</u>	2015 €	2014 €
<u>Sócmhainní Airgeadais</u>			
Infheistíochtaí	19	2,376,632	7,417,265
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
An Tobhach ar Líonadh Talún Dramhaíola	20	5,988,609	3,401,093
An Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha	21	3,138,453	3,513,881
Réamhíocaíochtaí	22	147,855	145,043
Banc	23	100,000	100,000
		<u>9,374,917</u>	<u>7,160,017</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>	24		
Costais a bhaineann le hOidhreacht Thógtha & Nádúrtha		130,333	1,588,819
Creidiúnaithe Éagsúla		11,087	47,232
Costais Oibriúcháin Athchúrsála		-	1,130,539
		<u>141,420</u>	<u>2,766,590</u>
Glansócmhainní Reatha		9,233,497	4,393,427
Glansócmhainní		<u>11,610,129</u>	<u>11,810,692</u>
Arna léiriú le			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir (Easnamh)/Barrachas don bhliain		11,810,692	11,560,188
		<u>(200,563)</u>	<u>250,504</u>
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		<u>11,610,129</u>	<u>11,810,692</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 24.

Arna Shíniú _____
Mark Griffin
An tArd-Rúnaí

Dáta _____

An Ciste Comhshaoil
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

	2015	2014
	€	€
<u>Réiteach easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(200,563)	250,504
Ús Tuillte ar Thaiscí	(23,228)	(39,476)
(Méadú)/Laghdú ar Thobhaigh atá dlite agus ar Réamhíocaíochtaí	(2,214,900)	2,023,953
(Laghdú) ar Speansais Fhabhráithe	<u>(2,625,170)</u>	<u>(2,101,391)</u>
Glan-(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(5,063,861)</u>	<u>133,590</u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(5,063,861)	133,590
Toradh ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas		
Ús Tuillte	<u>23,228</u>	<u>39,476</u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead	<u>(5,040,633)</u>	<u>173,066</u>
<u>Réiteach glansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u>		
Athruithe ar Ghlanchistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glanchistí amhail tús na Bliana	7,517,265	7,344,199
Glanchistí amhail deireadh na Bliana	<u>2,476,632</u>	<u>7,517,265</u>
(Laghdú)/Méadú ar Airgead sa Bhliain	<u>(5,040,633)</u>	<u>173,066</u>

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta ar Leathanaigh 3 go 5 agus Nótaí 1 go 24.

Arna Shíniú _____
Mark Griffin
An tArd-Rúnaí

Dáta _____

Nótaí leis an gCuntas

1. An Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola

Is é seo an Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola atá le fáil ó údaráis áitiúla, lúide aon suimeanna a choimeád siad faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) 2011. Déantar achoimre air sin mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Líonadh Talún a Oibrítear go		
Príobháideach		
An tobhach ar líonadh talún dramhaíola	25,925,097	21,932,427
Ús maidir le híocaíochtaí malla	709	56,439
Costais riaracháin údarás áitiúil	(150,000)	(110,797)
	<u>25,775,806</u>	<u>21,878,069</u>
Líonadh Talún a Oibríonn Údarás Áitiúil		
An tobhach ar líonadh talún dramhaíola	8,563,158	11,836,881
Ús maidir le híocaíochtaí malla	374	2,245
	<u>8,563,532</u>	<u>11,839,126</u>
Líonadh Talún Neamhúdaraithe		
An tobhach ar líonadh talún dramhaíola	540	-
Iomlán	<u><u>34,339,878</u></u>	<u><u>33,717,195</u></u>

Níor aithníodh mar ioncam €1.52m de thobhaigh líonta talún dlite don Chiste ó 2012 maidir le dhá láithreán líonta talún arna n-oibriú go príobháideach. Ní bhfuair na húdaráis áitiúla ábhartha na tobhaigh seo mar bhí oibrítheoir earnála príobháidí an dá láithreán seo faoi ghlacadóireacht. Tá na húdaráis áitiúla atá i gceist páirteach sa phróiseas glacadóireachta.

2. An Tobhach Comhshaoil ar Sholáthar Málaí Plaisteacha

Léiríonn an figiúr seo an tsuim a bhailigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ó mhiondíoltóirí.

3. Ús ar Infheistíochtaí

Léiríonn an figiúr seo ús a tuilleadh ó infheistíocht cistí atá le dáileadh.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

4. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – Costais Taighde agus Forbartha agus Riaracháin (Neamhphá)

Is ranníocaíocht é seo i dtreo na gcostas a thabhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Taighde agus Forbairt agus riarachán (neamhphá).

	2015	2014
	€	€
Taighde agus Forbairt	7,000,000	8,480,000
Costais Riaracháin (Neamhphá)	4,900,000	5,500,000
Iomlán	11,900,000	13,980,000

5. Tionscnaimh Forfheidhmithe

Baineann an caiteachas seo go príomha le deontais a íocadh le húdaráis áitiúla chun tacú le clár forfheidhmithe i leith gníomhaíochtaí dramhaíola agus chun cultúr comhlíonta a fhorbairt. €10.95m an méid a íocadh le húdaráis áitiúla faoin tionscnamh seo in 2015 (€5.4m in 2014).

Áirítear faoin gceannteideal seo freisin €0.38m de chaiteachas a tabhaíodh in 2015 (€1.1m in 2014) a bhaineann le creat-chomhaontú idir Stát na hÉireann agus údaráis Thuaisceart Éireann chun dramhaíl a fágadh go mídhleathach i dTuaisceart Éireann, agus a tháinig ó Phoblacht na hÉireann ar dtús, a aisdúichiú. Tá obair ar bun ó 2010 i leith chun dramhaíl a bhaint as 12 cheann de na láithreáin arna sonrú faoin gcreat-chomhaontú. Amhail an 31 Nollaig 2015 táthar tar éis thart ar 93,555 tona dramhaíola a aisdúichiú ar chostas €7.5m. Téann an creat-chomhaontú atá ann faoi láthair le haghaidh dramhaíl aisdúichithe a dhiúscairt in éag i mí Lúnasa 2016 agus cinnfidh an idirbheartaíocht le haghaidh creat nua an clár oibre agus na costais eile a thabhóidh Stát na hÉireann.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

6. Ranniocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Léiríonn an figiúr seo ranniocaíochtaí náisiúnta na hÉireann, idir éigeantach agus deonach, le heagraíochtaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Déantar achoimre orthu seo mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
- Eagraíochtaí Meitéareolaíochta Idirnáisiúnta	4,315,669	4,045,300
- Beartas Radaíochta Comhshaoil	1,593,775	1,457,731
- Áis do Thimpeallacht na Cruinne	1,420,000	1,469,000
- Coinbhinsiún Vín/Prótacal Montréal um Chosaint an Chisil Ózóin	634,785	625,802
- Ciste Comhshaoil na Náisiún Aontaithe	507,284	357,805
- Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide	137,043	112,033
- Coinbhinsiún na Ginéive ar Thruaillíú Aeir Trasteorann Fadraoin	41,163	15,905
- Coinbhinsiún Stócólm	25,902	19,828
- Coinbhinsiún Basel	23,788	20,658
- Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht	14,859	13,272
- Acadamh Ríoga na hÉireann	9,124	9,582
- Coinbhinsiún Aarhus ar Rochtain ar Fhaisnéis, ar Rannpháirtíocht an Phobail le linn Cinntí a Dhéanamh agus ar Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil	8,000	4,679
Iomlán	<u>8,731,392</u>	<u>8,151,595</u>

7. Tionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha

Baineann an caiteachas seo le haisíocaíocht costas a thabhaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar Thionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha. Dheimhnigh an Roinn go bhfuil na costais sin i gcomhréir leis an reachtaíocht faoinar bunaíodh an Ciste.

8. An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus an Clár Náisiúnta um Fhorbairt

Margaidh

Déantar achoimre ar chaiteachas faoin gceannteideal seo mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola	2,230,000	2,529,350
An Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	112,493	136,817
An Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-Bhithmhille	1,845	38,098
Iomlán	<u>2,344,338</u>	<u>2,704,265</u>

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

9. An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil

Is ionann é seo agus aisíocaíocht na gcostas a thabhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hoibríochtaí na hOifige Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil.

10. Feasacht ar an gComhshaoil

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar ardú feasachta ar an gcomhshaoil agus ar fhorbairt acmhainne Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil. Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Líonra Comhshaoil na hÉireann (EENGO) – Croí-mhaoiniú/Maoiniú Acmhainne agus Tionscadail	825,000	873,360
Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21 Cúnamh Deontais	380,167	396,500
- Scoileanna Glasa	180,000	180,000
- An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (Táscairí comhlíonta comhshaoil)	85,085	-
- Seirbhís Dhigiteach ENFO	20,000	25,000
- An Taisce – Próiseas Pleanála	15,000	20,000
- Dámhachtainí Comhshaoilaithe Óga	10,000	20,000
- An Biúró Comhshaoil Eorpach	10,000	20,000
- Dámhachtainí Glasa	7,500	7,500
- Feachtais Feasachta Sheachtracha	5,000	4,272
- Gradaim Chomhshaoil IBEC	5,000	-
- Stáisiún Mara Inis Arcáin	3,000	4,000
- Cairde Éanlaith Éireann	-	32,550
- Fóram Comhshaoil Chorcaí	-	13,000
- Parlaimint Óige Eorpach	-	5,000
- ReCreate	-	5,000
Costais ar ócáid oiliúna i dtaca le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil	4,922	-
Fógraíocht	4,649	5,230
Iomlán	1,555,323	1,611,412

11. Costais Oibriúcháin Athchúrsála

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh le húdarais áitiúla ón gCiste chun cabhrú leo freastal ar an gcostas oibriúcháin a bhain leis an mbonneagar bainistíochta dramhaíola.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

12. Tionscnaimh in aghaidh an Bhruscair

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar raon tionscnamh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Deontais na nÚdarás Áitiúil um Fheasacht ar Thionscnaimh in aghaidh an Bhruscair	766,455	925,384
Glantachán Náisiúnta Earraigh	168,000	175,000
An Córas Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruailliú Bruscair	50,056	52,013
Sraith Náisiúnta an Bhruscair de chuid Ghnó na Éireann in aghaidh an Bhruscair	40,000	40,000
Iomlán	<u>1,024,511</u>	<u>1,192,397</u>

13. Pleanáil i gcomhair Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh chun tacú le trí Cheann-Údarás um Pleanáil i gcomhair Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach, arna mbunú chun comhordú agus cur i ngníomh na dtrí Phlean Bainistithe Dramhaíola 2015-2021, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2015, a mhaoirsiú, agus chun tacú le bailiúcháin aon lae dramhaíola guaisí ó shealbhóirí tí.

14. Costais Bhailiúcháin an Tobhaigh Comhshaoil

Léiríonn an figiúr seo an táille sheirbhíse bhliantúil atá aontaithe le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun an Tobhach Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha a oibriú.

15. Bainistiú Dramhaíola lena n-áirítear Tionscadail Athchúrsála

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh le húdarais áitiúla ón gCiste chun cabhrú leo freastal ar na costais chaipitil a bhain leis an mbonneagar um bainistiú dramhaíola a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú ar fáil i leith na gcostas a bhain le pleanáil agus le soláthar do mhórtionscadail bhonneagair na n-údarás áitiúil um bainistiú dramhaíola. Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Bainistiú Dramhaíola – Scéim na nDeontas Caipitil	300,000	280,416
Pleanáil agus Soláthar do mhórtionscadail bhonneagair na n-údarás áitiúil	-	252,783
Iomlán	<u>300,000</u>	<u>533,199</u>

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

16. Rialú Truailithe Aeir/Aeráide

Léiríonn an figiúr seo caiteachas a tabhaíodh i leith forbairt agus forfheidhmiú beartais ar athrú aeráide chomh maith le maoiniú i dtreo bearta atá dírithe ar thruailliú de dheasca torainn agus truailliú aeir a laghdú. Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Athrú Aeráide	125,097	137,339
Rialú Truailithe Aeir/Aeráide	46,215	9,742
Iomlán	171,312	147,081

17. Eile

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar thionscnaimh éagsúla eile a ndéantar achoimre orthu mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
Bunachair Sonraí Dhramhaíola	99,000	
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	86,149	78,534
Bailte Slachtmhara	61,793	61,925
Inbhuanaitheacht Comhshaoil Idirnáisiúnta	60,000	60,182
Tionscnaimh um Fhreagracht Táirgeora	32,500	294,287
Athchóiriú ar Rialú Dramhaíola Tí	11,156	4,223
Malartú Faisnéise agus Feasacht	2,757	-
Clár um Bainistiú Dramhaíola Thuaidh/Theas	-	14,500
Idirghabháil Glasáin	-	9,401
Costais Oibriúcháin a bhaineann le Cosc Dramhaíola	-	161
Iomlán	353,355	523,213

18. Caiteachas Iomlán

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chaiteachas iomlán ón gCiste mar seo a leanas:

	2015	2014
	€	€
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	16,155,000	18,500,000
Údaráis Áitiúla	14,846,532	11,314,841
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	8,736,313	8,151,595
Tionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha	4,263,647	5,051,444
Eile	2,289,949	3,202,831
Iomlán	46,291,441	46,220,711

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

19. Infheistíochtaí

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	7,417,265	7,244,199
Fáltais		
An Tobhach ar Líonadh Talún	29,200,000	29,397,506
An Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha	<u>9,884,428</u>	<u>13,635,436</u>
	39,084,428	43,032,942
Toradh ar Infheistíocht	<u>23,228</u>	<u>39,476</u>
	46,524,921	50,316,617
Íocaíochtaí		
Maoiniú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil/RPII	(15,407,024)	(18,500,000)
Maoiniú d'Údaráis Áitiúla	(14,159,138)	(8,494,426)
Maoiniú le haghaidh Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta	(8,331,822)	(8,201,889)
Maoiniú don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	(4,066,240)	(4,521,139)
Maoiniú Eile	<u>(2,184,065)</u>	<u>(3,181,898)</u>
	(44,148,289)	(42,899,352)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u><u>2,376,632</u></u>	<u><u>7,417,265</u></u>

Léiríonn na figiúirí thuas an t-airgead arna aistriú idir cuntais bhainc an Chiste Comhshaoil agus a chuntas infheistíochta. Ní gá gurbh ionann é sin agus an t-airgead a tháinig isteach sa Chiste Comhshaoil agus a íocadh amach as mar gheall ar ioncam agus caiteachas fabhráithe agus ar uainiú sreafaí airgid áirithe.

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

20. An Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola

Is mar seo a leanas a bhí na suimeanna a bhí dlite don Chiste ó údaráis áitiúla amhail an 31 Nollaig:

	2015	2014
	€	€
Tobhach ar líonadh talún a oibrítear go príobháideach	5,154,928	2,718,164
Ús maidir le híocaíochtaí malla	-	-
	<u>5,154,928</u>	<u>2,718,164</u>
Tobhach ar líonadh talún a oibríonn údarás áitiúil	833,501	667,311
Ús maidir le híocaíochtaí malla	-	15,618
	<u>833,501</u>	<u>682,929</u>
Tobhach ar líonadh talún neamhúdaraithe	180	-
Iomlán	<u><u>5,988,609</u></u>	<u><u>3,401,093</u></u>

21. An Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha

Is ionann é seo agus glandliteanas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an Chiste amhail an 31 Nollaig.

22. Réamhíocaíochtaí

Is mar seo a leanas a bhí réamhíocaíochtaí amhail an 31 Nollaig:

	2015	2014
	€	€
Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	147,855	145,043
Iomlán	<u>147,855</u>	<u>145,043</u>

23. Banc

Léiríonn sé seo an t-iarmhéid i gcuntas bainc fáiltas an chiste (cuntas uimh. 1) amhail an 31 Nollaig:

	2015	2014
	€	€
Iarmhéid sa chuntas	100,000	99,393
Aisíoc táillí dlite	-	607
Iomlán	<u>100,000</u>	<u>100,000</u>

Nótaí leis an gCuntas (ar lean)

24. Dliteanais Reatha

Is mar seo a leanas a bhí Speansais Fhabhraithe amhail an 31 Nollaig:

	2015	2014
	€	€
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta – tionscadail a bhaineann leis an Oidhrecht Thógtha agus Nádúrtha	130,333	1,588,819
Costais chomhairleachta a bhaineann leis an gCóras Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruailliú Bruscair	8,180	8,669
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	2,907	26,343
Costais oibriúcháin athchúrsála	-	1,130,539
An Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	-	12,060
Costais a bhaineann le Cosc ar Dhramhaíl	-	160
Iomlán	<u>141,420</u>	<u>2,766,590</u>

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Comhshaoil

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Comhshaoil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Is éard atá sna cuntais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas chuntasaíochta a leagtar amach istigh iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an ráiteas ar ioncam agus caiteachas, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an fhormaid atá sainithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir Alt 74 den Acht.

Freagrachtaí na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormaid atá sainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus comhlíonann sé na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí, caighdeáin de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna sna ráitis airgeadais agus ar na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh orthu seo:

- cé acu is cuí nó nach cuí na beartais chuntasaíochta, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- cé chomh réasúnta is atá meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú ceart ar iarmhéid an Chiste ar an 31 Nollaig 2015 agus ar na hidirbhearta i gcomhair 2015.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na Roinne le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím mar eisceacht

Tuairiscím mar eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh an iniúchta, nó

- má thagaim ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- má fhaighim amach nach léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais comhlíonadh na Roinne i leith na gceanglas do ráitis den sórt sin a leagtar amach i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigeach Cuntasaíochta, nó
- má fhaighim amach go bhfuil ábhair ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear mar eisceacht.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Nollaig 2016

